

## ‘Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt’: An phleanáil teanga in *An tUltach*

### [‘Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt’: Language planning in *An tUltach*]

Duan Long, Ollscoil Uladh, Éire

#### Achoimre

Aithnítear go bhfuil ceithre bhunmhúnla sa phleanáil teanga. Is iad siúd pleanáil an chorpais, pleanáil an stádais, pleanáil an tsealbhaithé agus pleanáil an ghradaim. Is é aidhm an ailt seo ná na múnlaí seo a phlé mar ar úsáideadh iad chun Gaeilge Uladh a chur chun tosaigh san iris *An tUltach* sna 1920idí. Is cosúil go raibh sé mar aidhm thosaigh ag *An tUltach* díriú ar phleanáil an chorpais nó tá sé luaite go ndéanfar iarracht Gaeilge “a chur síos i leabhraibh” sa chéad eagrán den iris agus gairm ar scríbhneoirí ann. Feictear fosta, ámh, go raibh pleanáil an tsealbhaithé go mór ar inchinn ag lucht na hirise agus “Leathanach na Múinteoirí” ann go minic sna blianta tosaigh. San alt seo, úsáidtear anailís théacsúil chun meon eagarthóra agus scríbhneoirí na hirise a fhiosrú trí iniúchadh a dhéanamh ar an méid a scríobh siad. Pléitear na dearcthaí a léirigh siad ó thaobh na Gaeilge de agus ó thaobh bhainistiú na Gaeilge de ag leibhéal an Rialtais. Fiosraítear, ceann ar cheann, na ceithre mhúnla den phleanáil teanga le súil ar an dóigh a ndearnadh lucht na hirise iarracht Gaeilge a gcúige féin a chur chun cinn. Feicfead, cé nárbh ann do theoiricí thuasluaite na pleanála teanga ag an am, go luíonn an méid a tháinig amach san iris go néata leis na múnlaí céanna.

**Eochairfhocal:** Gaeilge Uladh [Ulster Irish], canúintí na Gaeilge [Irish dialects], iriseoireacht [journalism], scríbhneoirí Uladh [Ulster writers]

#### Abstract

*It is recognised that there are four elements to language planning. These are corpus planning, status planning, acquisition planning, and prestige planning. The aim of this article is to discuss how these elements were used to promote Ulster Irish in the journal known as An tUltach in the 1920s. It would appear that An tUltach was founded with the purpose of focusing on corpus planning as the first edition sought contributors through an open call for writers and states that a concerted attempt will be made to put Irish into books (“a chur síos i leabhraibh”). We also see, however, an eye towards acquisition planning with a teachers’ page (“Leathanach na Múinteoirí”) appearing frequently in the journal’s early years. In this article, textual analysis is used to delve into the mind of the editor and writers through an investigation of their written output. The views that they promoted regarding the language and its management at governmental level are discussed. The four elements of language planning are examined individually with a discussion on how the journal used each in order to promote Ulster Irish. It is seen that, although the above-mentioned theories of language planning had not yet been forwarded, much of what was published in the journal fits into this framework.*

## Réamhrá

Am corraitheach i stair na hÉireann ab ea fichidí na haoise seo caite, an dá stát mar a aithnítear inniu iad díreach curtha ar bun. Am corraitheach i stair na hiriseoireachta ab ea é, fosta; mar a scríobh Hugh Oram (1980, lch. 123), “from Easter of 1916, until the ending of the Civil War seven years later, the newspaper industry of Ireland insured the most hazardous and difficult period of its entire existence.” Tréimhse ab ea í seo ina raibh grúpaí míleatacha ag déanamh ionsaithe, go fiú, ar oifigí nuachtáin nár léirigh tuairimí lenár aontaigh siad (Oram, 1980, lgh. 131–2). Ba ag an tréimhse achrannach seo, ina raibh dlúthnasc idir cúrsaí polaitíochta agus iriseoireachta, a bhunaigh an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh (a scríobh faoin ainm ‘Muireadhach Méith’, coimrithe go ‘MM’ go minic) an iris *An tUltach*.

Pléifear thíos na hiarrachtaí a rinne eagarthóir agus scríbhneoirí na hirise chun an Ghaeilge, agus Gaeilge Uladh go háirithe, a chur chun cinn. Lonnófar na hiarrachtaí sin taobh istigh de cheithre bhunmhúnla na pleanála teanga: (i) pleanáil an chorpais, (ii) pleanáil an stádais, (iii) pleanáil an tsealbhaithe agus (iv) pleanáil an ghradaim<sup>1</sup>. Cé nárbh ann don téarma ‘pleanáil teanga’ (*language planning*) go ceann tríocha bliain i ndiaidh bhúnú na hirise (Ó hIfeárnáin 2019b), nó an taighde ina dhiaidh sin a d’fhág tuiscint reatha na gceithre mhúnla againn, feicfead go suíonn mórán den ábhar a foilsíodh i luathbhlianta na hirise taobh istigh de na bunmhúnlaí seo.

Ag tús an ailt seo, tabharfar léargas ar chúlra na hirise agus tréimhse a bunaithe; pléifear ansin na teoiricí a bhaineann leis an pleanáil teanga. Sa deireadh, pléifear, roinn ar roinn, ábhar ón iris a shuíonn leis na bunmhúnlaí thuasluaite. Áiteofar, cé nárbh ann don téarmaíocht ag an am, go raibh tuiscint áirithe ag lucht na hirise ar an dóigh ab fhearr chun cosa a chur faoin Ghaeilge i gCúige Uladh an athuir.

<sup>1</sup> Féach Ó hIfeárnáin (Eag.) (2019a), *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh* chun léargas a fháil ar stair na pleanála teanga agus ar a feidhm agus a húsáid ó thaobh na Gaeilge de.

## An tUltach

Bhunaigh Lorcan Ó Muireadhaigh *An tUltach* sa bhliain 1924, é féin ina eagarthóir, agus tháinig an chéad eagrán amach in Eanáir 1924. Gael agus sagart dúthrachtach ab ea Ó Muireadhaigh a raibh sé de chlu air a bheith ródhíbhírceach cuid den am (Mac Giolla Chomhaill, 1983). Seo mar a léirigh sé cuspóir an nuachtáin sa chéad eagrán (1,1,1)<sup>2</sup>: “Gaedhilg Chúige Uladh a shábhailt, agus a chur síos i leabhraibh.” San eagrán chéanna, míníonn sé cén dóigh a mbainfear an sprioc seo amach chun canúint Uladh a shábháil (1,1,4): “cha bhíonn an neart ceart againn i gCúige Uladh go dtiocfaidh na Gaedhil le chéile agus go mbeidh aithne acu go léir ar a chéile<sup>3</sup>.”

Iris mhíosúil a shamhlaigh Ó Muireadhaigh ach, idir cúrsaí airgeadais agus eile, níor éirigh leis an sprioc seo a bhaint amach i gcónaí. Seo mar a cuireadh an iris amach ón chéad eagrán go dtí deireadh 1929 (an tréimhse a phléitear san alt seo):

### Tábla 1

#### *Líon na n-eagrán a tháinig amach sna 1920idí*

Bliain	Líon na n-eagrán	Nótaí
1924	11	
1925	8	
1926	12	
1927	11/12	Tháinig eagrán 11 agus 12 amach le chéile faoi mhóreagrán
1928	10/11	Tháinig eagrán 10 agus 11 amach le chéile faoi mhóreagrán
1929	6	

<sup>2</sup> Ar mhaithe leis an tsimplíocht don léitheoir, agus mé ag trácht ar ábhar ón iris, cuirim uimhir an imleabhair, an eagrán agus an leathanaigh idir lúibíní. Sa chás seo, scríobhadh seo ar an chéad leathanach den chéad iris. Fágann an córas seo go bhfuil dhá thagairt déanta do shleachta nach bhfuil i gcoirp an ailt. Agus an-chuid tagairtí don iris ann, seo rogha a rinne an t-údar go mbeadh sé níos fusa don léitheoir na tagairtí a aimsiú san iris féin.

<sup>3</sup> Tá an Dr Niall Comer ag obair ar eagrán de na heagarfhocail seo faoi láthair. Tagraím féin don ábhar díreach mar a foilsíodh é. Fágann seo nach ndéantar aon athrú ar an téacs (ach amháin i gcás an tséimhithe), bíodh botún cló nó foirm nach bhfuil so-aitheanta i litriú an lae inniu ann. Moltar don léitheoir nach bhfuil róchleachtaithe leis an litriú seo súil a caitheamh ar fhoilseachán Comer nuair a fhoilseofar é.

Mar a fheictear thuas, rinne lucht na hirise obair mhór agus cuireadh 56 gnáth-eagrán i gcló chomh maith le dhá mhór-eagrán. Is féidir glacadh leis gur foilsíodh seasca eagrán sa chéad sé bliana. Éacht nach beag é seo go háirithe agus easpa airgid ag an iris. Mar a phléigh Ó Muireadhaigh go minic, níor dhíol an iris aisti féin riamh ach bhí sé ag brath ar fhéiríní nó airgead ó shruthanna éagsúla. Luann sé, fosta, mar a phléifear thíos, go raibh an iris ag brath ar airgead ó ranganna geimhridh. Tá plé ar na cúntais déanta ag Anraí Mac Giolla Chomhail (1983, lgh. 42–3) agus deir sé gur léiriú é titim líon na n-eagrán i mblianta áirithe go raibh ganntanas airgid ann.

Ba é cruth ginearálta na luath-eagrán ná go mbíodh píosaí litríochta ag tús na hirise, litreacha ón phobal, píosaí béaloidis/scéalta/paidreacha/amhráin, agus “Leathanach na Múinteoirí” ann. Líontaí seo ocht leathanach agus is ar ábhar ón tréimhse an-luath seo a thagraím den chuid is mó san alt seo.

### **An Phleanáil Teanga**

Mar a luadh thuas, aithnítear go bhfuil ceithre bhunmhúnla sa phleanáil teanga agus tá sé le sonrú go gclúdaítear iad uilig ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile sna heagarfhocail luatha. Anseo, déantar plé ar an nasc idir na gnéithe seo sula bpléitear iad ina n-aonar.

Is cosúil go dtosaíonn *An tUltach* amach le rún chun a bheith ag díriú ar phleanáil an chorpais nó, mar atá luaite thuas, scríobhadh go ndéanfar iarracht Gaeilge a chur síos i leabhair sa chéad eagrán agus gairm ar scríbhneoirí ann. Feictear, ámh, go bhfuil phleanáil an tsealbhaithe go mór ar inchinn ag lucht na hirise agus “Leathanach na Múinteoirí” ann go minic sna blianta tosaigh.

Baineann phleanáil an chorpais le struchtúr na teanga féin, le caighdeánú, foclóireacht, córais fuaimnithe, cúrsaí téarmaíochta, le hábhar a bheith ar fáil sa teanga, agus mar sin de. Tá nasc soiléir go leor idir an dá ghné thuasluaite nó cuirtear ábhar teagaisc, .i. corpas, ar fáil.

Tá an corpas tábhachtach nó tá sé luaite go minic go bhfuil an iris seo chun canúint Uladh a chur chun tosaigh. Is léir an eagla a bhí ar lucht na hirise go ndéanfaidh Conradh na Gaeilge agus an rialtas ó dheas neamairt ar Ghaeilge Uladh (1,1,4). Is anseo a shonraítear an dá ghné eile den phleanáil teanga ag teacht isteach.

Is cosúil gur shíl an t-eagarthóir go dtiocfaidh an Ghaeilge ar ais gan stró agus rialtas báúil ann ó dheas, an Ghaeilge á teagasc i scoileanna<sup>4</sup>, srl. agus nach raibh le déanamh ag an iris ach litríocht agus ábhar teagaisc a chur ar fáil. Ní mar sin a thiteann athbheochan teanga amach, dar ndóigh:

*What are you going to do with the mother tongue before school, in school, out of school, and afterschool? Because that determines its fate, whether it is going to become self-renewing* (Fishman, 1996, lch. 22).

Nó

*...while minority language schooling is helpful, even necessary for language revitalisation, it is insufficient and likely in fact to be ineffective in the absence of actions in other domains that reinforce the effects of teaching* (Ferguson, 2006, lch. 258).

Faoi dheireadh 1926 nó mar sin, feictear frustrachas agus níor leor an t-ábhar teagaisc, srl. a chur ar fáil. Leis sin, feictear ábhar na n-alt ag athrú, tá litríocht agus a leithéid fós ann ach tá i bhfad níos mó faoi chás na Gaeilge féin ann.

Is léir, mar sin de, nár leor an t-ábhar amháin chun an Ghaeilge a athbheochan<sup>5</sup>. Ar an ábhar sin, is gá pleanáil an chorpais agus pleanáil an tsealbhaithe a phlé i bhfianaise na múnlaí eile.

Bíonn corpas agus sealbhú ag brath ar an stádas agus ar an ghradam atá bronnta ar an teanga ar an ábhar agus “[nach] leor an caighdeán oifigiúil a chur ar fáil agus ardú stádais a thabhairt don teanga mura gcuirtear le líon phobal a labhartha” (Ó hIfearnáin, 2006, lch. 5).

<sup>4</sup> Ar an Ghaeilge i scoileanna, féach Kelly (2002).

<sup>5</sup> Is cosúil gur éirigh go maith le polasaithe oideachais na rialtas trí na blianta agus gur tús maith i bhfoghlaím na Gaeilge é an curaclam scoile. Maíonn Caoimhín de Barra (2019) go bhfuil dul amú orainn mar phobal i dtaca lena éifeachtaí agus ba chóir do scolaíocht a bheith i bhfoghlaím teanga.

Tagraíonn Ó hIfearnáin don chaighdeán anseo ach is féidir an ráiteas sin a leathnú agus a rá go mbaineann sé le corpas ar bith. Is féidir an ráiteas a leathnú arís agus a mholadh nach leor corpas nó stádas leo féin; is tábhachtaí go mbeidh suim ag daoine úsáid a bhaint as an ábhar nó dul i ngleic leis an teagasc. Mar a dúirt Haarmann (1990, lch. 105), “Not only the content of planning activities is important but also the acceptance or rejection of planning efforts.”

Is féidir stádas agus gradam a cheangail le chéile. Rinne Haarmann idirdhealú idir pleanáil an stádais (ceart reachtaíochta, srl.) agus pleanáil an ghradaim (bá agus deamhothúcháin don teanga). Ní leor, dar leis, ardú stádais a thabhairt do theanga ar bhonn oifigiúil gan dearcadh dearfach a chothú ina leith.

Pléifear an t-ábhar cuí a tháinig amach i luathbhlianta na hirise chun an nasc idir na ceithre mhúnla seo a fhiosrú sa chéad mhír eile.

### **Pleanáil an Chorpais**

Ar dtús, má amharctar air seo ó thaobh na teoirice de, rinneadh iarracht Gaeilge Uladh a chur chun cinn trí phleanáil an chorpais. Is é sin ná go bhfuil sé luaite go ndéanfar iarracht Gaeilge “a chur síos i leabhraibh” agus go bhfuil gairm ar scríbhneoirí sa chéad eagrán (1,1,4).

Athfhógraíodh an díth seo leathbhliain ina dhiadh sin (1,6,4): “Tá feidhm ag ár gcuid páisdí sgoile le leabhraibh a bhéas fóirstineach dóbhfha leis an Ghaedhealg a fhoghlaim do réir a gcanamhna fhéin.” (Druim Ráithne<sup>6</sup>, 1924, lch. 4). Ba iarracht é *An tUltach* ábhar cuí léitheoireachta a chur ar fáil. Is suimiúil nach é an Béarla ach canúintí eile a chruthaíonn inní anseo.

Is tábhachtaí corpas a chur ar fáil agus ceist na canúna le cur san áireamh. Mar atá luaite sa chéad uimhir (1,1,4):

Chan fheil an “Gaodhlag” ag fághail cothroim mar badh chóir dó. ’Siad an “Ghaodhluinn” agus an “Ghaedhilge” atá i nuachtar ’sna scoileanna, in sna páipéir

<sup>6</sup> Ainm cleite é seo. Níor éirigh liom ainm an údair seo a aimsiú go fóill. Tá cúpla áit sa tír a bhfuil ‘Droim/Druim Ráithne’ uirthi mar logainm.

nuaidheachta agus in oifigidhe an Riaghaltais...’Sí an litridheacht an aon tslige amháin na sábháilfear canamhaint Chúige Uladh agus ’na dtabharfar tógailt chinn dúinn (Ó Muireadhaigh, 1924a, lch. 4)<sup>7</sup>.

Maíonn Ó Muireadhaigh (2,2,4) gur shábháil an scríbhneoireacht Ghaeilge Tír Eoghain cheana:

Acht coinneochaidh a chuid láimhscríbhheanna—saothar a dhá lámh fhéin—canamhaint Thír-Eoghain beo, an lá is fuide anonn. B’éifeachtach an obair a rinn sé air an dóigh seo—tá sgéaltaí, ceoltaí, sgoitheacha, paidreacha, sean-fhocla agus rannta tiomscaighthe aige ó bhéulaibh na seandaonnaí nach mbéadh air fágáil indiu murab é. Béidh luthgháir air ar lucht léighte a chloisint gur fhág sé na laimhscríbhheanna uilig ag “An Ultach,” agus bhearfaidh-muinn iarracht air clúid a thabhairt dóbhfha i ngach uimhir a’s seo amach (Ó Muireadhaigh, 1925a, lch. 4).

An tAthair Conn Mhac an Ghirr atá i gceist thuas agus, mar is léir, tá sé i gceist acu obair s’aige a úsáid chun Gaeilge Thír Eoghain a thairfeadh. Rinneadh seo sa cholún “I dTír na hÓige” san iris.

Ón eagrán chéanna amach, bíonn colún tugtha do “Cora Cainte” mar atá sa leabhar *Cora Cainte as Tír Chonaill* le Seán Mac Maoláin. Tháinig an foilseachán seo amach i bhfoirm leabhair sa bhliain 1933. Léiríonn seo go raibh ag éirí leis *An tUltach* ardán a thabhairt don tsaghas seo oibre agus do scríbhneoirí an chúige. Foilsíodh an colún seo in eagrán 2, 3, 4 agus 8 na bliana sin agus leanadh ar aghaidh leis go fánach ina dhiaidh. Tháinig deireadh leis de réir a chéile ach cuireadh tús le colún eile le frásaí ó Ard Mhacha sa bhliain 1928. Foilsíodh seo in eagrán 2, 4, 5, 6, 8 agus 10/11 (móreagrán) na bliana sin, eagrán 1, 4, agus 6 sa bhliain 1929, agus eagrán 1 sa bhliain 1930. Mar sin de, cuireadh 10 gcolún de fhrásaí ó Ard Mhacha ar fáil.

Pléadh Gaeilge Aontroma sa bhliain 1926 (3,5,1). Chuir Seán Mac Maoláin canúintí an chontae i láthair nuair a scríobh sé go raibh “dhá áit i gConndae Aontroma a bhfuil an Ghaedhilg beo i mbéal cuid de na daoine go fóill .i. Oileán Reachlaine agus na Gleanntaí.”

<sup>7</sup> Ábhar spéise ann féin an chanúint atá ann san iris seo. Úsáideann Ó Muireadhaigh seanfhoirmeacha minic go leor agus is cosúil go bhfuil iarracht á déanamh aige chun cloí go trom le foirmeacha láidre Ultacha. Go stairiúil, glactar le Gaeilge Lú (contae a dhúchais) mar chanúint de chuid Uladh.

Déanann sé plé ar na difríochtaí atá ann idir an dá chanúint seo agus luann sé cosúlachtaí le Gaeilge Thír Chonaill, Gaeilge Ard Mhacha agus Gaeilge na hAlban.

Amuigh ó cholúin ina ndírítear go sonrach ar chanúintí, foilsíodh an-chuid scéalta agus eile ó scríbhneoirí as gach aon chearn de Chúige Uladh. Bhí scríbhneoirí móra na linne mar a bhí Seosamh Mac Grianna, Séamus Ó Grianna agus Seán Bán Mac Meanman, agus go leor eile ag scríobh don iris. Tá sé maíte gur scríobh Mac Meanman díreach ar mhaithe lena chanúint (rugadh é ar an Cheann Gharbh sa Ghaeltacht Láir) a chaomhnú:

Ba é an aidhm a bhí aige an sean saol Gaelach maraon lena stóras seanchais is Gaeilge a chaomhnú. Sin a mhór-locht mar scríbhneoir; ní scríbhneoir cruthaíoch é. Ach mar a léiríonn an leabhar seo, is scríbhneoir tábhachtach é sa mhéid is gur bhain sé amach an aidhm a bhí aige, go dtug sé arais ó bhéal na huaighe agus chuir sé ar phárlíocht Gaeilge an cheantair agus traidisiún a mhuintire (Ó hAdhmaill, 1989, lch. 335).

Feictear nárbh é Ó Muireadhaigh amháin a sheas go láidir ar son na canúna: sheol Mac Meanman litir isteach chun Mac Grianna a cháineadh as foirmeacha deisceartacha de bhriathra a úsáid (3,9,3). Mar sin de, agus seo curtha le rabhadh an eagarthóra nach raibh Gaeilge Uladh ag fáil chothrom na Féinne is léir gurbh é an t-ollchuspóir a bhí acu siúd a d'oibrigh leis an iris ná canúint Uladh a chosaint.

Anuas air seo, tá cuid mhór (ó cheann go ceann na bhfichidí) fógraí ag déanamh poiblíochta ar leabhair atá le teacht, nó díreach tagtha, amach. Déantar iarracht tacaíocht a thabhairt i dtaobh phleanáil an tsealbhaithe de nó tá colúin cosúil le “Leathanach na Múinteoirí” (alt ina mbíonn áis teagaisc agus míniú ar an dóigh chun rang a bhunú air) ar fáil i gcuid de na heagráin luatha.

Pléifear a thuilleadh de seo thíos agus pleanáil an tsealbhaithe á plé ach tá nasc nach beag idir teagasc agus ábhar. Bhí lucht na hirise ag iarraidh ábhar teagaisc a chur ar fáil do mhúinteoirí sa dóigh go mbeadh siad in ann Gaeilge a theagasc ar dhóigh ní b'eifeachtaí.

## Pleanáil an tSealbhaithe

Is léir go raibh an iris ag brath go mór ar an airgead a saothraíodh ón teagasc nó luann Ó Muireadhaigh (1,7,4) go raibh deacrachtaí airgid ann ó tháinig deireadh leis na ranganna geimhridh. Anuas air sin, is léir go raibh lucht na hirise den bharúil gur chóir do na foghlaimeoirí an iris a cheannach:

Tá cuid d'ár lucht léigte, eadar múinteoirí agus ollamhna, ag friotháil air na rangannaí ins na Collaisdí Samhraidh, agus badh chóir go ndeanfadh gach'n duine aca a chothrom fhéin air son an Ultaigh... Ba chóir go bhfuighfidhe síntiús bliadhna ó ghach'n mhac-léighinn atá ag friotháil air na rangannaí i gCúig Uladh. Is beag duine aca nach dtabharfadh trí scilling dá n-iarrfadh orra. Tógthar dúinn go dtiocfadh le lucht léigte an Ultaigh cuidiu linn air dhóigheannaí eile thar mar ghnidhtear—féiríni agus síntiúsaí fhághail, fograí a sholáthar, an “t-Ultach” a mholadh air feadh na tíre, agus é a chur air leigheadh ins na rangannaí agus na collaisdí. Teastuigheann cothughadh ó'n Ultach thar mar fuair sé air na mallaibh (Ó Muireadhaigh, 1924d, lch. 4).

Ní hiontas go raibh lucht na hirise ag iarraidh ábhar teagaisc a chur ar fáil dá mba amhlaidh go raibh an ceannach seo le fáil as ranganna Gaeilge. Anuas air seo, bhí colún cosúil leis seo ar fáil in *An Claidheamh Soluis* (Uí Chollatáin, 2004, lgh. 60–1). Tá seans maith gur thuig Ó Muireadhaigh uaidh seo gur mheas iris eile Ghaeilge go raibh fiúntas i gcolúin den chineál seo.

Sa chéad eagrán den iris, agus “Leathanach na Múinteoirí” á chur i láthair, mínítear gur mhaith leo cuidiú rud beag le múinteoirí nach raibh an-chuid Gaeilge acu go fóill. Ba thrí ábhar ranga a chur ar fáil a soláthraíodh an cuidiú seo. Dá bhrí sin, ba chorpas é a cuireadh ar fáil ar an leathanach seo, ach corpas ar ábhar teagaisc ab ea é.

Feictear go raibh ábhar teagaisc ann go minic sna luathbhlianta agus “Leathanach na Múinteoirí” ann faoi ocht sa chéad bhliain, ceithre huair sa dara bliain agus ceithre huair sa tríú bliain sula dtiteann sé ar leataobh. Is dócha gur ligeadh do “Leathanach na Múinteoirí” dul in éag chun spás a thabhairt don ábhar eile mar atá cnuasach focal agus eile. Luann Uí Chollatáin (2004, lch. 61) gur foilsíodh seanfhocal agus ábhar eile den tsaghas sin in *An*

*Claidheamh Soluis*, rud eile a mhaíonn gur thuig Ó Muireadhaigh an t-ábhar a bhí curtha ar fáil in irisí eile.

Ag deireadh na dála, níl mórán de dhifear idir an t-ábhar ar “Leathanach na Múinteoirí” agus na cnuasaigh seo eile. Ní raibh mórán de nós ann comhairle a thabhairt faoin dóigh leis an ábhar a úsáid chun rang a theagasc, díreach an ‘corpas’ amháin agus cead a chinn ag an mhúinteoir a rogha rud a dhéanamh leis. Aon áit thíos a bhfuil ‘scéalaíocht’ luaite, an chomhairle atá leis ná, “Tabhar air na páistí feoil agus craiceann a chur air na cnámha seo” agus roinnt spreagfhocal ann. Fágann sé seo nach bhfuil treoir faoin dóigh chun an t-ábhar faoi iamh a theagasc ach go fíor-annamh. Seo thíos ábhar an cholúin “Leathanach na Múinteoirí” go dtí deireadh 1926.

**Tábla 2**

***Ábhar “Leathanach na Múinteoirí”***

<b>Imleabhar</b>	<b>Eagrán</b>	<b>Leathanach</b>	<b>Ábhar</b>	<b>Nótaí</b>
1	1	7	Briathra Neamhrialta	Comhairle leis
1	2	7	Briathra Rialta Stair Tíreolaíocht	Comhairle leis
1	3	7	Briathra Neamhrialta Tíreolaíocht	
1	4	6	Briathra Rialta Tíreolaíocht	
1	6	2	Stair (Colm Cille)	
1	7	6	Stair (Colm Cille) ar lean	
1	9	8	Stair (Naomh Bríd)	
1	10	7	Stair (Naomh Bríd) ar lean Scéalaíocht – ceisteanna bunaithe ar alt eile san eagrán céanna	
2	1	5, 8	Údair Reatha Ultacha	Cuirtear an t-alt seo i geló arís in eagrán 4 na bliana seo.
2	2	6	Scéalaíocht Stair	Comhairle leis
2	6	5	Scéalaíocht Tíreolaíocht	Comhairle leis
2	7	7	Scéalaíocht Stair (ar leanúint ó eagrán 2 na bliana	Comhairle leis

3	1	6	Scéalaíocht Tíreolaíocht	Comhairle leis
3	2	7	Scéalaíocht Tíreolaíocht	Comhairle leis
3	3	3	Tíreolaíocht	
3	11	8	Breith Íosa	

Moltar go minic do mhúinteoirí dul chuig an Ghaeltacht (Rann na Feirste go háirithe, áit ar bhunaigh Ó Muireadhaigh scoil) agus snas a chur ar an teanga ach, arís, níl aon phlé ar an oideolaíocht féin.

Fágann seo gurb é pleanáil an tsealbhaith an t-aon ghné nach bhfuil le sonrú go rómhór san iris. Ina ainneoin sin, aithnítear gur iris atá i gceist anseo, dar ndóigh. Ag an am seo, blianta sular cuireadh tús le taighde ceart ar an oideolaíocht, ní raibh an iris seo in ann mórán níos mó ná an t-ábhar a chur ar fáil. D'éirigh leo sa chuspóir seo, agus d'éirigh leo seo a nascadh go maith le hábhar cráifeach, rud a bhí tábhachtach agus an t-eagarthóir ina shagart (Long, 2024).

Rinneadh iarracht agus trí bliana slánaithe ag an iris (3,5, 7), páistí agus déagóirí a spreagadh i dtreo na Gaeilge le leathanach “Scríbhneoirí Óga”. An cuspóir a bhí leis seo ná ábhar ailt a thabhairt san eagrán reatha agus spriocdháta a thabhairt chun aiste a scríobh ar an ábhar sin agus an aiste sin a chur chucu tríd an phost. Bhí duaiseanna éagsúla ann agus is cosúil gur éirigh go maith leis an tionscadal. Bhí cúpla ainm le feiceáil i measc na mbuaiteoirí go rialta ach bhí éagsúlacht mhaith ann idir scoileanna agus ceantair.

### **Pleanáil an Stádais**

Níor pholaiteoirí iad lucht na hirise agus ba bheag, i ndáiríre, a smacht ar ról nó seasamh na Gaeilge i gceachtar den dá rialtas ar oileán na hÉireann. Mar sin féin, bhí siad sásta aird a tharraingt ar fhadhbanna lucht labhartha na Gaeilge agus réitigh a mholadh. Luann Ó Muireadhaigh (1,5,4), mar shampla, go raibh moill ar an phost agus ar na síntiúis mar gheall ar sheoltaí a bheith scríofa i nGaeilge:

Is truagh nach bhfeil níos mó Gaedhilgeoirí in oifigidhe an Phuist. Bíonn na leitreacha air a mbíonn na seolta scríobhtha i nGaedhilig a bhfad níos fuide air an bhealach ná na leitreacha eile, agus cuirtear cuid aca go Baile Átha Cliath go fóill leis an seoladh a aistriughadh. Tuairim 's bliadhain ó shoin, dubhairt Aire an Phuist go gcaithfeadh gach oifigeach an Ghaedhilg 'fhoghluim. Ach' mur' bhfeil siad uilig in innimhe na seolta a léigheamh go fóill, chan foráil no go bhfeil cuid aca dochrach mall. D'eagla go saoilfidhe gurb iad lucht stiúrtha an Phuist i nDún-dealgan a thug faillighe air an pháipéir, badh mhaith linn moladh a thabhairt do bhfáil-san mar gheall air an chuideadh a thug siad duinn do ghnáth ; acht thig le daonnaí claonta ins na fó-oifigidhe dolaidh mhór a dheanamh don Ultach (Ó Muireadhaigh 1924c, lch. 4).

Luaitear dhá fhadhb anseo: (i) tá teip ar Aire an Phoist an sprioc go mbeadh Gaeilge ag gach oifigeach a chur chun críche, agus (ii) is cosúil go bhfuil naimhde na Gaeilge in ann moill a chur ar litreacha curtha i nGaeilge más maith leo. Ní hé go bhfuil Ó Muireadhaigh ag maíomh go bhfuil sé sin ag tarlú, dar liom, ach ag rá nach bhfuil dóigh ann faoi láthair bac a chur leis an chleachtas sa chás go dtarlaíonn sé.

Bhí Ó Muireadhaigh ina bhall de Chonradh na Gaeilge agus bhí áit lárnach aige i mbunús Chomhaltas Uladh (Mac Aonghusa, 1993, lgh. 217–8). Is léir (1,2,4) gur mheas sé nach n-éireodh go maith le Gaeilge Uladh taobh istigh den Chonradh mar a bhí:

Nach dtigidh linn Dáil Uladh nó an Cumann Liteardha a aithbheochaint, nó Cumann nuadh a chur air bun i gCúige Uladh. Tá riachtanas le na léithid chun litridheacht agus canamhaint Chúige Uladh a bhuanughadh. B'fhéadfaidhe nach bhfeilmuinn uilig air aon fhocal fá chursaí na Gaedhilge, acht is fhéarr an timreas ná an tuaigneas (Ó Muireadhaigh, 1924b, lch. 4).

Is cosúil gur dhuine nár chúlaigh ón imreas é Ó Muireadhaigh agus go raibh sé go maith cinnte gurbh éigean do na hUltaigh a bhfód féin a sheasamh. Sa dóigh sin, bhí sé den bharúil go raibh cumann dá cuid féin de dhíth ar Chúige Uladh chun an chanúint sin a chaomhnú. Shíl sé, mar is léir ón chéad eagarfhocal (1,1,4) atá luaite thuas, gur mheas sé nach raibh canúint Uladh chun cothrom na Féinne a fháil.

Seachnaíonn sé réitigh pholaitiúla cuid mhaith den am, ámh, agus díríonn sé ar rudaí arbh fhéidir le hUltaigh a dhéanamh, mar atá scríobh na canúna:

Orrainn fhéin atá an chuid is mó de'n locht. Bhí ar nughdair agus ar scríbhneoirí 'na dtost, agus chan fheil dadadh a dheanamh againn i gcúrsaí litridheachta. 'Siomdha níd a bhfeil féidhm chruaidh againn air, acht chan gadh go dtí gadh na litridheachta.

'Sí an litridheacht an aon tslige amháin na sábháilfear canamhaint Chúige Uladh agus 'na dtabharfar tógailt chinn dúinn. Na daoine atá in innimhe scríobhadh agus léigheadh, dá dtiocfadh siad le chéile i gcomhairle chun an úile short nídh a phléidhe i nGaedhilg-úirsceálaidheacht, filidheacht, politiocht, eóluidheacht, stair, seanchus, oideachas, fealsamhnacht, éaconomnuidheacht, ealadhantacht, feirmeóireacht, lúthchleasa, agus céud nídh eile, bhéadh toradh tairbheach de bharr ar gcuid oibre (Ó Muireadhaigh 1924a, lch. 4).

Is minic, chun an pobal a choinneáil ar an eolas, go dtugtar miontuairiscí ó chruinnithe agus eile ach is ar chruthú an phobail urlabhra is mó a dhírítear (féach ar an bplé ar phleanáil an ghradaim thíos). Ina dhiaidh sin is uile, tarraingtear aird ar fhadhbanna atá ann, mar atá le feiceáil i mí na Nollag 1925 (2,8,9):

Tá air gach oifigeach atá ag obair faoi'n Riaghaltas, nó faoi na Comhairle Conndae, mionna Dílseachta a thabhairt don Riaghaltas. Tá dolaidh 'a dheanamh air chúis na Gaedhilge in aghaidh an lae de bharr an mhionna sin,—múinteoirí Gaedhilge 'a mbriseadh agus rangannaí 'a scur. Tá Saorstátaí agus Poblachtaidhe air aon fhocal fá dtaobh dhe'n cheist seo—nach gabhadh aon mhionna a chur air mhúinteoirí Gaedhilge, agus súiltgear go gcuirfean an dlighe sin air neimhnidh in aithghiorracht (Ó Muireadhaigh 1925b, lch. 9).

Déantar tagairt d'fhadhbanna nuair a thagann siad chun solais mar a rinne i dtrátha na Féile Pádraig 1928 (5,2,4):

Aige cruinniughadh de Choisde Ghnótha de Connradh na Gaedhilge, coicthidhis ó shoin, cuireadh an rún seo i bhfeidhm d'aon ghuth:

“Sé tuairim an Choisde Ghnótha gurab ionann polasaí an Riaghaltais agus ceist na Gaedhealtachta do chur air ath-ló, agus gan aon rud beacht do dheanamh. Ó tá bliadhain go leith caithte ó chraobh-scaoileadh Tuarasgabháil an Choimisiúin ní fheicimid aon ghabhadh leis an oiread a bheith ‘under consideration’ go fóill. Go dtí go bhfeicimid suim mhór airgid ainmnighthe i gcóir na h-oibre caithfimid ghlacadh go bhfuil stáid na Gaodhaltachta do chur air an mhéir fhada, polasaí is ádhbhar báis don Ghaodhaltacht. Nilimid sasta go bhfuiltear ag deanamh an rud ceart i dtaobh oideachais ‘sa’ Ghaodhaltacht, agus nilimid sasta gur leor scéim Ghleann-Máma le talamh a thabhairt do mhuinntir na Gaodhaltachta.”

Tá-muinn air aon tuairim leis an Choisde Ghnótha fá dtaobh de'n cheist seo. An rud uathbhásach sin a tharlaidh i nDún-Fionnachaidh, tais'eanann sé dúinn nach bhfuil an Riaghaltas i ndairíribh, agus nach rabh acht cur-i-gcéill i dTuarascbáil an Choimisiúin ud (Ó Muireadhaigh, 1928, lch. 4).

Ba é an rud a tharla i nDún Fionnachaidh ná tugadh ceannas oifig an phoist do dhuine nach raibh Gaeilge aige cé gur chuir Gaeilgeoir isteach ar an ról chéanna. Luadh seo den chéad uair in Eanáir na bliana sin agus lean an plé ar aghaidh ar feadh tamaill.

Mar a luadh thuas, ní raibh smacht mór ar an rialtas nó ar chúrsaí polaitiúla ag lucht na hirise; feictear iarrachtaí chun an pobal léitheoireachta a choinneáil ar an eolas agus fadhbanna reatha a ardú ach ní raibh siad in ann mórán eile a dhéanamh.

Tá sé le sonrú ó eagarfhocal a scríobh Niall Mór<sup>8</sup> (1,7,4) go raibh go leor daoine nár mheas go raibh an-tábhacht ag baint le polaitíocht in athbheochan na teanga:

Saoilidh a lán gurab í an phoilitidheacht tús agus deireadh gach ruda i saoghal tíre... cibé atharrú a tháinig ar an tír seo ar na bliantaibh deireannacha seo ní h-í an phoilitidheacht go hiomlán a rinne é. Bhí cumhacht níos treise ar a chúl 'ná poiliteadhacht ar bith. B'í an Ghaedhealg agus an spiorad a mhuscail sí ar fud Éireann an chumhacht sin (Niall Mór 1924, lch. 4).

Is suimiúla an dóigh a ndearna siad pleanáil an ghradaim a láimhseáil, mar a fheictear thíos.

### **Pleanáil an Ghradaim**

Is léir go ndearnadh an-iarracht a chur ina luí ar léitheoirí na hirise go raibh tábhacht mhór ag baint le labhairt na Gaeilge agus le Gaelachas. Is léir gur mheas Ó Muireadhaigh go raibh an-tábhacht leis an nasc idir Gaelachas agus Caitliceachas (Long, 2024) agus is cinnte, nuair a fhiosraítear an scéal, gur mheas sé níos mó ná sin a bheith ann.

Baineann pleanáil an ghradaim le dearcthaí an phobail (sprioc-chainteoirí) i leith na teanga (nó canúint) atá á cur chun cinn. Ar bhealach, is féidir a rá gurb é seo an ghné is tábhachtaí den phleanáil nó ní fiú corpas a bheith ann nó cosaint reachtúil a bheith ag teanga mura bhfuil pobal urlabhra ann atá sásta an teanga sin a úsáid.

In ainneoin a thábhachtaí agus atá gradam an phobail ar an teanga, is í seo an ghné is téibí ar fad. Má smaoinítear ar phleanáil an chorpais, tá sé soiléir má tá rud scríofa nó curtha i

<sup>8</sup> Ainm cleite is ea é seo. Níor éirigh liom ainm an údair seo a aimsiú go fóill.

gcló. I gcás phleanáil an stádais, tá sé soiléir cad iad na cearta atá ag teanga ó thaobh an dlí de. Tá pleanáil an tsealbhaithe rud beag níos doiléire ach is léir dúinn má tá teanga ar churaclam scoile nó má tá ranganna oíche ann. Is é gradam an phobail an eochair; duine a bhfuil meas aige ar an teanga, is féidir go léifeadh sé an leabhar atá curtha i gcló, go ndéanfaidh sé plé leis na húdaráis sa teanga sin, nó go bhfreastalóidh sé ar rang chun an teanga sin a fhoghlaim.

Is léir go raibh dearcadh dearfach ag lucht na hirise i dtaobh na Gaeilge agus rinneadh iarracht idé-eolaíocht an phobail a athrú ar bhealach dearfach. In uaireanta, is cosúil go bhfuiltear ag iarraidh an pobal a náiriú i dtreo na Gaeilge. Mar a luann Brighid (ainm cléite ag Seán Mac Maoláin) in eagarfhocal sa bhliain 1928 (5,4,1):

Is domhain a chuaidh spiorad na sglábuidheachta ionnainn. Ní'l a'n bhogadh dhá ndéan muid nach gcruthuigheann go bhfuil sí ionnainn. Ní'l a'n tionntódh i leath-taoibh dhá ndéan muid nach dtaisbeánamuid gur an Béarla agus lucht an Bhéarla atá mar standard againn ar a bhfuil fiúntach agus uasal. Gan fiú na daoine bíos i ranga Gaedhilge féin nach dtaisbeánann an rud céadna. Is dóiche gur gan fhios dóbhftha a ghní siad é, ach, bíodh sin amhlaidh nó ná bíodh, ghní siad é (Mac Maoláin, 1928, lch. 1).

San eagarfhocal chéanna, tugann an t-údar sampla de dhuine foghlamtha a bhfuil an Ghaeilge aige:

Tugadh léigheacht ins an Royal College of Surgeons le goirid. Fear fíor-léigheanta a thug uaidh an léigheacht sin. Dochtúir é a bhfuil eolas aige nach bhfuil ag mórán dochtúir. Tá eolas ar theangathacha eile aige nach bhfuil ag mórán ach oiread. Agus caidé an teangaidh de'n iomlán is fearr leis? Tá, teangaidh a tíre fhéin, an Ghaedhilg. An fear céadna a thug an léigheacht sin uaidh chaith sé am mór fada i gcuideachta chuid iasgair Thír Chonaill ag iarraidh bheith ag faghail greim ar bhlas agus ar cheart na Gaedhilge. D'éirigh leis. Labhairidh sé an Ghaedhilg anois mar labhairfeadh fear de thogáil Thír Chonaill í. Agus chan ghá séanadh bíos sé. Tá sé ró-bhródamhail aiste le n-a séanadh. Tuigeann sé caidé is fiú í, agus tá a shliocht air (Mac Maoláin, 1928, lch. 1).

Cuirtear seo i gcomparáid le lucht a bhfuil malairt tuairime acu:

Is neamh-ionann sompla an fhir sin agus sompla daoine eile a chuirfeadh i n-umhail dúinn gur “buic mhóra” iad. Daoine nach leigfeadh an bród dóbhftha Gaedhilg a labhairt. Ca h-as a bhfuil siad bródamhail? Bródamhail as an aineolas agus an sglábhuidheacht. Bhfuil a leithéidí i dTír ar bith ach ins an tír mhí-fhortúnaigh seo againn-e? Is doiligh liom a chreidbheáil go bhfuil. Ní furas liom a chreidbheáil go

bhfuil dream ar bith eile ar dhruim an domhain comh h-ainbhfiosach nó comh beag-de-spiorad leo (Mac Maoláin, 1928, lch. 1).

Déanann Ó Muireadhaigh, mar shagart, luach a chur leis an Ghaeilge i saol na hÉireann tríd í a nascadh leis an Chaitliceachas (Long, 2024). Chuige seo, is minic a luaitear dearcadh easpaig i dtaca leis an teanga. Ceanglaítear labhairt na Gaeilge le Caitliceachas agus le Gaelachas, mar a rinneadh i Márta 1926 (3,2,4/5):

An tEasbóg Ó Murchaidh as Ameriocá Lár, thug sé cuairt orrainn air na mallaibh, agus chuir sé misneach ionainn le n-a dhéagh-scéala. Is beag a mheas air na daonnaí Gallta, agus deir sé go mbíonn meas mór in Ameriocá air an Ghaedheal a mbíonn a theanga mháthardha aige. Bréagnuigh sé na daonnaí a bhíos a rádh gur mór an t-ualach air dhuine an Ghaedhilig a bheith aige nuair a théidheas sé thar saíle—agus thug sé a saíth de fhreagra orra fosda. Mhol sé go láidir do mhuintir na h-Éireann an Ghaedhilig a fhoghlaim agus a labhairt eatorra fhéin, agus a claidheadh le rinncí agus le déagh-nósanna na tíre (Ó Muireadhaigh, 1926, lgh. 4–5).

An bhliain ina dhiaidh seo (4,9,4), tosaítear an t-eagarfhocal leis an rabhadh seo:

Tá na Gaill ar shiubhail as an tír seo le níos mó ná cúig bliadhna anois acht má tá fhéin, tá béasa agus nósanna na nGall ag éirghidh níos laidre in aghaidh an lae. Má tá fonn air na Gaodhail an scéal a léigheas, caithfidh siad a bhéith dairíribh agus lán dairíribh. Is baoghal linn nach bhfeil san Ghaedhilig do chuid mhaith daoine acht babhóg bheag dheas le n-a mbíonn siad ag súgradh corr uair nuair a thigeas an fonn orra. Ní féidir an Ghaedhilig a shábháil air an dóigh sin. Tá sí i gconntabhairt go fóill, agus ma’a maith linn í a shábháil, caithfear an dearcadh amach céadna a bheith againn ‘na taobh agus tá againn air an chreideamh agus a mbaineann leis. Na rudaí uilig a bhfeil boladh nó blas na Galltacha le mothughadh asta—eadar teanga, oideachas, cluicidhe, pictiúirí, leabhraí, páipéirí, damhsaí, drámaí agus a léitheidí—caithfear iad a caitheamh uainn, agus má’s féidir, a ruaigeadh amach air fad (Ó Muireadhaigh, 1927, lch. 4).

Mar seo de, is léir go ndéantar iarracht an Ghaeilge a nascadh leis an Chaitliceachas agus leis an Ghaelachas chun tábhacht na teanga do mhuintir na tíre a léiriú. I mbeagán focal, maíonn Ó Muireadhaigh gur gá ‘Galldachas’ a ruaigeadh ón tír mar aon leis an Ghaeilge a labhairt. Is é sin an t-aon dóigh go mbeidh fiúntas ionainn mar phobal atá Éireannach nó Gaelach in áit a aithris a dhéanamh ar Shasana. Níor shagart é Mac Maoláin ach Gael bródúil agus aistritheoir a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn<sup>9</sup>.

<sup>9</sup> Féach Uí Laighléis (2003).

## Conclúid

Cé nach raibh na teoiricí a bhaineann le pleanáil teanga forbartha ag an am, is féidir a rá go raibh lucht na hirise seo chun tosaigh ar an rialtas ó thaobh spreagadh na Gaeilge de. Thuig siad go raibh tábhacht le hábhar a chur ar fáil agus cruthaíodh corpas ollmhór le linn bhlianta gníomhacha na hirise. Rinneadh iarracht ábhar a chur ar fáil don seomra ranga mar chuid den chorpas seo chun tacú le múinteoirí a cheannódh an iris chun teacht ar an ábhar. Spreagfadh sé seo na foghlaimeoirí chun an iris a cheannach fosta.

Thuig lucht na hirise nár leor an t-ábhar a chur ar fáil agus rinneadh iarracht dochtúirí, srl. a raibh dúil sa Ghaeilge acu a lua chun a léiriú go raibh fiúntas sa teanga do dhaoine foghlamtha acadúla. Anseo is ansiúd, tá sé le léamh go raibh iarracht ann daoine a náiriú i dtreo na teanga ach is léir go raibh Ó Muireadhaigh ag iarraidh úsáid na Gaeilge a spreagadh. Thuig Ó Muireadhaigh nár leor iarrachtaí an rialtais agus, má ba dhímheaslach a mhodh anois agus arís, rinne sé iarrachtaí daoine a spreagadh chun í a fhoghlaim agus chun fiúntas na teanga a thuiscint. Mar shagart, dar ndóigh, léirigh sé an dá thaobh dá shaol sa dóigh ar nasc sé Gaeilge agus an creideamh mar uirlisí a choinneodh ‘Galldachas’ ón tairseach. B’fhiú an uirlis an iris féin chun foghlaim na Gaeilge agus chun canúint Uladh a spreagadh agus éagsúlacht d’ábhair a chur ar fáil do ghnáthphobal.

### Nóta Buíochas

Is togra é CARTLANN atá maoinithe ag Aonad an Oileáin Chomhroinnte, idir Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Uladh.

### Tagairtí

De Barra, C. (2019). *Gaeilge: A Radical Revolution*. Currach Press.

Druim Ráithne. (1924, Meitheamh). An tUltach. *An tUltach*, 1(6).

Ferguson, G. (2006). *Language Planning and Education*. Edinburgh University Press.

[10.1075/lplp.32.1.10col](https://doi.org/10.1075/lplp.32.1.10col)

- Fishman, J. (1996). What do you lose when you lose your language? In Cantoni, G. (Eag.) *Stabilizing Indigenous Languages*. (lgh 71–81). University of North Arizona.
- Haarmann, H. (1990). Language planning in the light of a general theory of language: A methodological framework. *International Journal of the Sociology of Language*, 1990 (86), 103–126. <https://doi.org/10.1515/ijsl.1990.86.103>
- Kelly, A. (2002). *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*. Irish Academic Press.
- Long, D. (2024, le foilsíú). Religion and Gaelicism in *An tUltach*. *Postcolonial Studies Association Newsletter #31*.
- Mac Aonghusa, P. (1993). *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1993*. Conradh na Gaeilge.
- Mac Giolla Chomhaill, A. (1983). *Lorcán Ó Muireadhaigh: Sagart agus Scoláire*. An Chlóchomhar Tta.
- Mac Maoláin, S. (1926, Meitheamh). Gaedhilg Chonntae Aontroma. *An tUltach*, 3(5), 1.
- Mac Maoláin, S. (1928, Bealtaine). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 5(4), 1.
- Mac Maoláin, S. (1933). *Cora Cainnte as Tír Chonaill*. Foilseachán Rialtais.
- Niall Mór (1924, Iúil). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 1(7), 4.
- Ó hÁdhmaill, P. (1989). Seán Bán Mac Meanman. Éigse 1988 le Séamus Mac Cnámhsí. *Seanachas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 13(2), 335.
- Ó hIfearnáin, T. (2006). *Beartas Teanga*. Coiscéim.
- Ó hIfearnáin, T. (Eag.). (2019a). *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh*. Cois Life Teoranta.
- Ó hIfearnáin, T. (2019b). Beartas teanga agus pleanáil teanga. In Ó hIfearnáin, T. (Eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh*. (lgh.1–28). Cois Life Teoranta.

- Ó Muireadhaigh, L. (1924a, Eanáir). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 1(1), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924b, Feabhra). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 1(2), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924c, Bealtaine). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 1(5), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1924d, Iúil). Sinn Féin. *An t-Ultach*, 1(7), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1925a, Márta). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 2(2), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1925b, Nollaig). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 2(8), 8–9.
- Ó Muireadhaigh, L. (1926, Márta). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 3(2), 4–5.
- Ó Muireadhaigh, L. (1927, Samhain). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 4(9), 4.
- Ó Muireadhaigh, L. (1928, Feabhra). An t-Ultach. *An t-Ultach*, 5(2), 4.
- Oram, H. (1983). *The newspaper book: A history of newspapers in Ireland, 1649-1983*. MO Books.
- Uí Chollatáin, R. (2004). *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932: Anailís ar phríomhnuachtán Gaeilge ré na hAthbheochana*. Cois Life Teoranta.
- Uí Laighléis, G. (2003). *Seán Mac Maoláin agus ceart na Gaeilge*. Cois Life Teoranta.